# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2012

# STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR I

DÉ MÁIRT 12 MEITHEAMH 2012 – MAIDIN 9.30 - 12.00

## ROINN B

**(160 marc)**

- Gabhann 40 marc le **GACH** ceist.
- Freagair **CEITHRE** cheist ar bith.
- Bronnfar marcanna as an obair, as an leagan amach agus as an gcur i láthair mar aon le fóiliónna agus dátaí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Ceist í seo faoi Bhuiséad Teaghlaigh**.

***Freagair gach cuid den cheist seo***:

**(A)** Ar *leathanach 9 de Roinn A* tá foirm don Chéad Bhuiséad agus don Bhuiséad Leasaithe do Theaghlach Uí Airt ó mhí Iúil go Meán Fómhair 2012. Tar éis an Buiséad a réiteach, dúradh leis an Uasal Ó hAirt go mbeadh laghdú ar a thuarastal. Tá post páirtaimseartha faighte ag Bean Uí Airt, áfach, agus tá sí ag súil le tosú i mí Lúnasa. Shocraigh Teaghlach Uí Airt ar a mBuiséad a leasú de bharr a gcúinsí athraithe.

Iarrtar ort an Buiséad Leasaithe a chomhlánú, agus iad seo a leanas a chur san áireamh:

- Is é an tuarastal nua bliantúil a bheidh ag an Uasal Ó hAirt ná €31,200 glan, iníoctha go míosúil ó 1 Iúil 2012.
- Gheobhaidh Bean Uí Airt €1,400 glan gach mí ó 1 Lúnasa 2012.
- Gheobhaidh Teaghlach Uí Airt €100 ioncam ó infheistíocht i mí Lúnasa.
- Tiocfaidh méadú 4% ar aisíocaíochtaí morgáiste ó 1 Meán Fómhair 2012.
- Méadófar an tÁrachas Bliantúil go dtí €1,200, iníoctha go míosúil ó 1 Lúnasa 2012.
- Tiocfaidh laghdú 9% in aghaidh na míosa ar chostais teaghlaigh ó 1 Iúil 2012.
- Tiocfaidh méadú ar chostais ghluaisteáin de €30 in aghaidh na míosa ó 1 Lúnasa 2012.
- Beidh méadú 5% ar chostais siamsaíochta ó 1 Iúil 2012.
- Tá an teaghlach ag pleanáil saoire a thógáil i mí Lúnasa a chosnóidh €1,200.
- Fanfaidh gach ioncam agus caiteachas eile mar an gcéanna.

(28)

**(B)** (i) Mínigh an téarma ‘Caiteachas Seasta.’ *(Freagair ar leathanach 10 de Roinn A.)*

(ii) Sa Chéad Bhuiséad, ainmnigh mí ina bhfuil an t-ioncam pleanáilte níos mó ná an caiteachas pleanáilte. *(Freagair ar leathanach 10 de Roinn A.)*

(iii) Sa Chéad Bhuiséad, cé mhéad a raibh súil ag teaghlach Uí Airt lena choigilt sna trí mhí? *(Freagair ar leathanach 10 de Roinn A.)*

(iv) An buiséad maith é an Buiséad Leasaithe?
Tabhair **dhá** chúis le do fhreagra. *(Freagair ar leathanach 10 de Roinn A.)*

(12)

**(40 marc)**

**2.** **Ceist í seo faoi Chuntas Club**.

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Ar 1 Eanáir 2011, bhí Ciste Carntha de €22,085 ag Club Snámha na Linne.

Seo thíos achoimre ar bhearta airgeadais an Chlub don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011:

| **Fáltais**: | **€** |
|---|---|
| Fáltais Chomórtas | 12,600 |
| Síntiúis | 6,600 |
| Urraíocht | 9,700 |
| | |
| **Íocaíochtaí**: | **€** |
| Costais Chleamhnaithe | 600 |
| Páipéarachas | 740 |
| Costais Ghinearálta | 520 |
| Costais Chomórtas | 4,225 |
| Árachas | 10,220 |
| Cíos Linn Snámha | 9,000 |

Eolas breise ar 31 Nollaig 2011:

| | | | |
|---|---|---|---|
| (i) | Síntiúis réamhíoctha | | €350 |
| (ii) | Páipéarachas ar láimh | | €120 |
| (iii) | Costais Ghinearálta dlite | | €65 |
| (iv) | Airgead Tirim sa Bhanc | | €520 |
| (v) | Dímheas: | | |
| | Ríomhaire Glúine | | 25% de €1,160 |
| | Trealamh | | 15% de €24,000 |

**(A)** Ullmhaigh:

(i) Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

(ii) Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31 Nollaig 2011.

(34)

**(B)** Mínigh **dhá** dhualgas a bhíonn ar chisteoir club.

(6)

**(40 marc)**

**3.** **Ceist í seo a bhaineann le hEolas ar Eacnamaíocht, le Buiséad Náisiúnta agus le Deischostas**.

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

**(A)** Tá córas geilleagair mheasctha ag Éirinn agus tá laghdú ar an bhfás geilleagrach le blianta beaga anuas.

(i) Mínigh gach téarma a bhfuil líne faoi thuas.

(ii) Mínigh **dhá** shlí a mbíonn tionchar eacnamaíoch ag an laghdú seo ar an bhfás geilleagrach ar gheilleagar na hÉireann.

(12)

**(B)** Tugadh na figiúirí seo a leanas ar Lá an Bhuiséid mar réamh-mheastacháin don bhliain 2012:

| **Príomh-mhíreanna Ioncaim agus Caiteachais** | **Figiúirí Measta ina Milliúin €** |
|---|---|
| Oideachas | 1,467 |
| ÍMAT | 1,930 |
| CCÚT | 135 |
| Seirbhísí Sláinte | 2,130 |
| Talmhaíocht | 280 |
| Fónamh ar Fhiachas | 823 |
| Cáin Chorparáide | 225 |
| CBL | 1,860 |
| Leasa Sóisialta | 1,620 |

(i) Dréachtaigh an Buiséad Náisiúnta do 2012 ón eolas thuas.
Luaigh cé acu 'buiséad barrachais' nó 'buiséad easnaimh' é.

(ii) Cé acu Roinn Rialtais a bhfuil sé de chúram uirthi Buiséad Náisiúnta na hÉireann a ullmhú?

(iii) Mínigh, le sampla, an téarma 'deischostas' maidir le hullmhú an Bhuiséid Náisiúnta.

(iv) Déan idirdhealú idir 'Caiteachas Caipitil' agus 'Caiteachas Reatha' an Rialtais. Bain úsáid as sampla **amháin** de **gach** cineál caiteachais díobh chun do fhreagra a mhíniú.

(v) Mínigh an téarma 'fónamh ar fhiachas'.

(28)

**(40 marc)**

**4.** **Baineann an Cheist seo le Tomhaltóirí**.

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Shocraigh Sinéad Ní Fhloinn, a chónaíonn ar Bhóthar an Chósta, Cill Chaoi, Co. an Chláir, a fuinneoga a uasghrádú. Ar 24 Aibreán 2012, chuir sí isteach fuinneoga tríghloinithe le snáithe adhmaid PVC a chosain €7,800. Gloinéicea Tta, Bóthar Chill Rois, Inis, Co. an Chláir, a sholáthair na fuinneoga.

Thug sí faoi deara tar éis míosa go raibh paistí gaile ar thrí fhuinneog áit ar theip ar na séalaí.

Ar 28 Bealtaine 2012, scríobh sí litir chuig Bainisteoir Gloinéicea Tta ag tabhairt breac-chuntais ar an bhfadhb agus ag lorg sásaimh.

**(A)** Scríobh an litir a sheol Sinéad chuig Gloinéicea Tta ar 28 Bealtaine 2012.

(18)

**(B)** (i) Ainmnigh an dlí do thomhaltóirí a bhaineann leis an gcás seo.

(ii) Mínigh **dhá** phrionsabal ábhartha den dlí do thomhaltóirí a sáraíodh sa chás seo.

(iii) Luaigh **dhá** shlí inar féidir le Sinéad fianaise cheannacháin a thaispeáint.

(iv) Mínigh cén fáth a bhfuil sé tábhachtach do Shinéad sonraí ceannacháin a chur i gcomhad agus a thaifeadadh.

(16)

**(C)** Mínigh **dhá** thréith a bhíonn i dtomhaltóir maith.

(6)

**(40 marc)**

**5.** **Baineann an Cheist seo le Baincéireacht Phearsanta agus le Coigilteas**.

***Freagair gach cuid den cheist seo*:**

Tá Micheál Ó Lorcáin, a rugadh ar 5 Meán Fómhair 1951, tar éis éirí as obair le LeLeigheas Tta, an Pháirc Ghnó, an Cabhán, áit a raibh sé fostaithe mar Chuntasóir Airgeadais ar feadh 29 bliain. Tá sé féin agus a bhean tar éis filleadh ar a chontae dúchais chun cónaí ar an tSráid Mhór, an Cóbh, Co. Chorcaí. Is í a uimhir theileafóin nua sa bhaile ná 021-2612851 agus uimhir a theileafóin phóca nua ná 085-9196050. Is é a sheoladh r-phost ná molorc@piotal.ie agus a UPSP (Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí) ná 4991871D.

Ós rud é go dteastaíonn óna iarfhostóir a phinsean míosúil de €3,000 a íoc go díreach isteach i gcuntas bainc, tá sé beartaithe aige Cuntas Reatha a oscailt. Ar 11 Meitheamh 2012, buaileann sé isteach sa bhrainse áitiúil de Bhanc-Aontas Éireann agus comhlánaíonn sé foirm iarratais.

**(A)** (i) Comhlánaigh an fhoirm iarratais bhán *ar leathanach 11 de Roinn A.*

(ii) Ainmnigh **trí** riachtanais nach foláir a chomhlíonadh nuair a bhíonn duine ag oscailt cuntas bainc.

(iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dhifríocht idir cuntas reatha agus cuntas taisce.

(iv) Luaigh **trí** shlí chun airgead a tharraingt as cuntas reatha.

(30)

**(B)** Fuair Micheál cnapshuim nuair a d'éirigh sé as obair agus tá sé ag smaoineamh ar an airgead sin a choigilt le hinstitiúidí airgeadais éagsúla.

(i) Mínigh **dhá** chúis a gcoigleodh sé a chuid airgid.

(ii) Mínigh **dhá** thoisc ba cheart dó a chur san áireamh sula roghnaíonn sé institiúid airgeadais ar leith.

(10)

**(40 marc)**

**6.** **Baineann an Cheist seo le Daoine ag Obair agus le Teicneolaíocht na Faisnéise**.

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Bhí an fógra seo a leanas ar nuachtán:

**Mac an Fhailí Tta**
**Bóthar na hEaglaise**
**Baile Dhún na nGall**

## Foireann Teilidhíola ag teastáil

Bunphá: €624 ar 39 uair an chloig sa tseachtain

Coimisiún, Ragobair agus Fleisc-Am ar fáil

Béasa maithe teileafóin riachtanach

Sárscileanna TF ag teastáil

Béilí Fóirdheontais

Iarratas i scríbhinn *nó* san r-phost chuig
mfhailtta@eala.com

Is fostóir comhdheise é Mac an Fhailí Tta

**(A)** Mínigh na **ceithre** théarma san fhógra thuas a bhfuil líne fúthu.

(12)

**(B)** Chuir Hazel Maye isteach ar an bpost thuas.

Cad iad na freagraí a thabharfadh sí ar na ceisteanna seo a leanas dá gcuirfí le linn agallamh iad?

(i) 'Mínigh **trí** fhreagracht a bheadh ar fhostaí i leith an fhostóra.'

(ii) 'Déan cur síos ar **thrí** scil TF a bheadh riachtanach don phost seo.'

(18)

**(C)** Tairgeadh an post le Mac an Fhailí Tta do Hazel. Íocann an comhlacht am go leith ar an gcéad ocht n-uaire an chloig ragoibre, agus am dúbailte ina dhiaidh sin.

Ríomh ollphá Hazel má oibríonn sí 48 uair an chloig sa tseachtain. Taispeáin do chuid oibre.

(10)

**(40 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AR ROINN 'A' A CHUR AR AIS**
**LE DO FHREAGARLEABHAR**

Leathanach Bán